



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Ról an Chathaoirligh ar charthanas

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Ról an Chathaoirligh ar charthanas

Is iad iontaobhaithe carthanasais na daoine a fheidhmíonn rialú ar charthanas ar deireadh thiar agus a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an gcarthanas. Ba cheart do gach bord iontaobhaithe carthanasais cathaoirleach a bheith aige, ar duine é/í ar a bhfuil na dualgais seo a leanas, i measc nithe eile:

- An bord a stiúradh;
- Seoladh rianúil cruinnithe boird a chinntiú;
- Dea-rialachas a chur chun cinn i measc iontaobhaithe carthanasais eile;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an mbainisteoir/ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin agus tacaíocht a thabhairt dó/di (nuair is infheidhme);
- Gníomhú mar cheann feadhna nó mar urlabhraí nuair is gá.

Is iad seo a leanas na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an gcathaoirleach:

An bord a stiúradh

Tús áite a thabhairt don ról rialachais:

Tá an bord iontaobhaithe carthanasais freagrach as rialachas an charthanasais. I gcás carthanas atá comhdhéanta d'oibríthe deonacha amháin (carthanasais nach bhfuil aon fhostaithe acu), is dóigh go mbeidh ról gníomhach ag na hiontaobhaithe i rialachas an charthanasais agus i mbainistíocht laethúil an charthanasais araon.

Ag cruinnithe an bhoird, ní mór don chathaoirleach a chur in iúl go soiléir cé acu is amhlaidh go mbaineann an ní atá á bhreithniú ag an mbord le saincheist oibríochtúil, i.e. obair laethúil an charthanasais, nó gur saincheist straitéiseach é a bhaineann le pleananna fadtéarmacha nó rialachas fadtéarmach an charthanasais.

Ba cheart d'iontaobhaithe na gcarthanas is casta súil a choinneáil ar an 'mórphictiúr'. Fiú amháin sna carthanasais is casta (i.e. carthanasais a bhfuil príomhoifigeach feidhmiúcháin, bainisteoir nó foireann bhainistíochta agus/nó fostaithe acu), is coitianta an rud é go dtarraingítear an bord isteach sa taobh oibríochtúil d'obair an charthanasais. Is é ról an chathaoirligh ar na carthanasais is casta ná tuiscint shoiléir a bheith aige/aici féin ar na teorainneacha atá ann idir rialachas, bainistíocht agus oibríochtaí agus a chinntiú go gcomhlíonann an bord an ról rialachais atá aige agus nach dtéann sé ar strae isteach i réimsí bainistíochta nó oibríochtaí ar féidir le fostaithe nó le hoibríthe deonacha eile déileáil leo.

A chinntiú go mbainistítear an carthanas go héifeachtach:

Ní mór don chathaoirleach an bord iontaobhaithe carthanais a chomhordú chun a chinntiú go bhfuil beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm le haghaidh bhainistíocht éifeachtach an charthanais. I gcás go ndéanfaidh an Bord ar charthanas casta an t-údarás as aon cheann de na feidhmeanna atá aige a tharmligean chuig bainisteoir/príomhoifigeach feidhmiúcháin nó fostaí eile de chuid an charthanais, ba cheart don chathaoirleach a chinntiú go mbeidh an tarmligean sin faoi réir ceanglais tuairiscithe rialta. Ba cheart aon tarmligean údaráis ag an mBord agus na ceanglais tuairiscithe ghaolmhara a dhoiciméadú, a thuiscint agus a chur i bhfeidhm.

Earcaíocht iontaobhaithe carthanais agus pleanáil chomharbais a bhrú chun cinn:

Bíonn sé doiligh do charthanais áirithe iontaobhaithe carthanais nua a aimsiú agus a choinneáil. Ar mhaithe le hiontaobhaithe carthanais a earcú go rathúil, is gá smaoineamh, pleanáil agus iarracht a chur isteach. Tá sé riachtanach go stiúrfadh an cathaoirleach an próiseas sin. Déanfaidh na cathaoirligh is éifeachtaí breithniú ar phleanáil chomharbais dá ról mar chathaoirleach agus don ról atá ag iontaobhaithe eile atá ag tarraingt ar dheireadh a dtéarma oifige. Ba cheart don chathaoirleach breithniú a dhéanamh freisin ar an dóigh a gceapfar duine eile ina (h)áit nuair a éireoidh sé/sí as an ról mar chathaoirleach agus ar an dóigh a n-earcófar iontaobhaithe carthanais nua ag a bhfuil na scileanna agus an taithí a theastaíonn.

Forbairt an bhoird a stiúradh:

Gné eile den ról mar chathaoirleach is ea a chinntiú go mbíonn an bord iontaobhaithe carthanais ag oibriú ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin ná iontaobhaithe carthanais nua a ionduchtú agus oiliúint agus forbairt leanúnach a eagrú chun a chinntiú go dtuigeann gach iontaobhaí carthanais an ról atá acu agus go bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun an ról a chur i gcrích. Baineann gach iontaobhaí carthanais tairbhe as machnamh a dhéanamh ar an dóigh a n-oibríonn siad le chéile. Is féidir leo an machnamh sin a dhéanamh ar roinnt bealaí difriúla, lena n-áirítear le linn laethanta pleanála agus seisiúin oiliúna agus trí mheastóireachtaí boird.

Seoladh rianúil cruinnithe boird a chinntiú

Ullmhúchán:

Is gá méid áirithe ullmhúcháin a dhéanamh chun a chinntiú go mbíonn cruinnithe boird chomh héifeachtach agus is féidir. I gcás carthanas atá comhdhéanta d'oibrithe deonacha amháin, ba cheart don chathaoirleach agus do rúnaí an bhoird an clár oibre a phlé agus a chomhaontú, á chinntiú go sainaithnítear sna míreanna atá ar an gclár oibre agus in aon pháipéir a ghabhann leo na nithe sin a bhaineann le cúrsaí oibríochtúla agus na nithe sin a bhaineann le cúrsaí straitéiseacha nó rialachais. I gcarthanas mhóra, ba cheart don chathaoirleach agus don rúnaí an clár oibre a chomhaontú, á chinntiú go gcuirtear an bhéim i gcónaí ar straitéis agus rialachas. I ngach cás, ba cheart an oiread faisnéise agus is féidir a thabhairt d'iontaobhaithe carthanas sa chlár oibre faoi na nithe atá le plé ag an gcruinniú. B'fhiú féilire míreanna bliantúla a chur le chéile freisin, amhail an buiséad a chomhaontú, an tuarascáil airgeadais agus na ráitis airgeadais a cheadú agus ullmhúchán a dhéanamh don chruinniú ginearálta bliantúil, ionas gur féidir na míreanna sin a sceidealú go cuí. Ba cheart na míreanna sin a lua i bplean oibre an charthanas freisin.

An próiseas cruinnithe agus iompraíocht iontaobhaithe carthanas a bhainistiú:

B'fhéidir gurb é an ghné is follasaí de ról an chathaoirligh ná cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú é féin. Is gné dhúshlánach í freisin. Cé nach mór don chathaoirleach obair tríd an gclár oibre ar bhealach tráthúil, ní mór dó/di an díospóireacht atá riachtanach a éascú agus deis a thabhairt do gach duine chun labhairt freisin. Uaireanta, taispeánfaidh iontaobhaithe carthanas iompraíocht neamhchúntach, amhail forlámhas a ghlacadh ar an díospóireacht nó comhráite a sheoladh leis na daoine in aice leo. Is féidir go n-éireoidh cruinnithe teasaí nó achrannach freisin. I gcás go leanfaidh an iompraíocht mhíchuí ar aghaidh, d'fhéadfadh gurbh fhiú am a chaitheamh ar bhunrialacha a leagan síos nó cód iompair a dhréachtú don bhord. Is dea-chleachtas é go mbeadh cód iompair i bhfeidhm ag carthanas dá n-iontaobhaithe. D'fhágfadh sé sin go mbeadh sé níos éasca don chathaoirleach déileáil go hoibiachtúil le haon iompraíocht atá deacair nó míchuí.

Cinnteoireacht:

Ba cheart líon áirithe cinntí a dhéanamh ag gach cruinniú boird. Más rud é nach soiléir a bheidh na cinntí a bheartaítear a dhéanamh ag cruinniú ar leith, ba cheart a cheistiú cé acu atá nó nach bhfuil aon ghá ann leis an gcruinniú sin. Is úsáideach an rud é a shonrú sa chlár oibre cé na nithe ar gá cinneadh a dhéanamh ina leith agus, nuair is cuí, ba cheart breac-chuntas a thabhairt i bpáipéir thacaíochta ar an gcúlra agus ar na tograí araon. Imríonn an cathaoirleach ról ríthábhachtach anseo maidir lena chinntiú go dtuigeann na hiontaobhaithe carthanas uile an tionchar a bheidh ag aon chinneadh a dhéanfar ar an gcarthanas. Is féidir go mbeidh ar an gcathaoirleach an cinneadh a chur ar vóta, de réir nósanna imeachta rialachais agus/nó bunreacht an charthanas.

Na miontuairiscí a sheiceáil agus a shíniú:

Ar mhaithe le haon mhíchruinneas mór a cheartú, ba cheart don chathaoirleach obair go dlúth leis an rúnaí i leith na miontuairiscí agus, sula scaipfear iad ar an mbord, súil a chaitheamh ar na dréacht-mhiontuairiscí a ullmhaíodh tar éis gach cruinnithe. Is dréacht-mhiontuairiscí a bheidh sna miontuairiscí go dtí go ndéanfaidh an cathaoirleach iad a cheadú agus a shíniú ag an gcéad chruinniú eile de chuid an bhoird.

Dea-rialachas a chur chun cinn i measc iontaobhaithe carthanas eile

- Earcaíocht iontaobhaithe carthanas oiriúnacha nua a stiúradh.
- Tacú le hiontaobhaithe carthanas nua tríd an bpróiseas ionduchtúcháin.
- Dul i dteagmháil le hiontaobhaithe carthanas le linn na bliana maidir le míreanna nó gníomhartha atá amuigh.
- Comhphlé agus rannpháirtíocht a spreagadh i measc iontaobhaithe carthanas.

Maoirseacht a dhéanamh ar an mbainisteoir/ar an bpríomhoifigeach feidhmiúcháin agus tacaíocht a thabhairt dó/di (nuair is infheidhme)

earcú:

Is é ról an chathaoirligh maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas earcaíochta agus a chinntiú go ndéantar dianiarracht an duine is fearr is féidir a fháil don ról.

Tosaíochtaí oibre a threorú:

Tá sé ríthábhachtach go mbuailfeadh an cathaoirleach agus an bainisteoir/an príomhoifigeach feidhmiúcháin le chéile go rialta chun tosaíochtaí oibre a phlé agus a chomhaontú.

Tacaíocht a thabhairt:

Is ról dúshlánach é ról an bhainisteora/an phríomhoifigigh feidhmiúcháin. Bíonn sé measartha uaigneach freisin. Tabharfaidh cathaoirleach éifeachtach spreagadh dá b(h)ainisteoir/dá p(h)ríomhoifigeach feidhmiúcháin aon deacrachtaí atá roimhe/roimpi a phlé. Gníomhóidh cathaoirleach éifeachtach mar bhonn braite freisin. Cé go mbeidh ar an gcathaoirleach gníomhú mar ‘chara criticiúil’ ó am go chéile, is gá dó/di é sin a dhéanamh ar bhealach dearfach tacúil.

Pleanáil chomharbais:

Déanfaidh na cathaoirligh is éifeachtaí breithniú ar a dtarlóidh nuair a imeoidh an bainisteoir/an príomhoifigeach feidhmiúcháin reatha an ról. Ba cheart don chathaoirleach agus don bhainisteoir/don phríomhoifigeach feidhmiúcháin obair le chéile ina leith sin.

Gníomhú mar cheann feadhna nó mar urlabhraí


Is féidir go bhféachfaidh a lán daoine ar an gcathaoirleach ar aon charthanas mar cheann feadhna nó mar phríomhurlabhraí don charthanas sin. Más rud é go mbeidh bainisteoir/príomhoifigeach feidhmiúcháin nó oifigeach caidrimh phoiblí ann ar an mbord, féadfaidh an cathaoirleach méid suntasach dá d(h)ualgais phoiblí nó dá t(h) eagmháil leis na meáin a tharmligean chuig an duine sin. Féadfaidh sé/sí an freastal ar imeachtaí nó cruinnithe a tharmligean chuig iontaobhaithe eile freisin, ar choinníoll go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach duine ar na nithe a fhéadfaidh agus nach bhféadfaidh siad a rá thar ceann an charthanas.

Beidh ar an gcathaoirleach freastal ar chruinnithe áirithe, áfach. Áirítear leo sin cruinnithe le comhlachtaí rialála, an Rialálaí Carthanas ina measc, le maoinitheoirí tábachtacha agus le polaiteoirí. Is féidir go mbeidh na meáin ag iarraidh trácht a lorg ón gcathaoirleach freisin i gcás go mbeidh an carthanas ag fáil poiblíocht dhiúltach. Ba cheart don chathaoirleach an mhúinín agus an inniúlacht a bheith aige/aici chun déileáil le nithe den sórt sin thar ceann an charthanas.

Cé go mbíonn an ról mar chathaoirleach dúshlánach ó am go chéile, bíonn sé fiúntach agus tairbheach freisin. Stiúran an cathaoirleach an bord maidir le cultúr eiticiúil a fhorbairt ar aon dul le luachanna na heagraíochta. Imríonn cathaoirleach éifeachtach ról rithábachtach maidir le rialachas éifeachtach a chinntiú don charthanas.

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad '[Cód Iompair Samplach d'Iontaobhaithe Carthanas](#)'.

 <p>1 ag cur a chuspóra charthanúil ar aghaidh</p>	 <p>2 ag iompar le hionracas</p>	 <p>3 ag stiúradh daoine</p>	 <p>4 ag feidhmiú rialaithe</p>	 <p>5 ag obair go héifeachtach</p>	 <p>6 cuntasach agus trédhearcach</p>
---	---	---	--	---	--